**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra*

**2023/0314(COD)**

17.11.2023

# ***I
# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1024/2012 agus (AE) 2018/1724 a mhéid a bhaineann le húsáid Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus an Phointe Rochtana Aonair Digitigh chun críocha ceanglais áirithe a leagtar síos le Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhlachais trasteorann Eorpacha (COM(2023)516))
(COM(2023)0515 – C9-0327/2023 – 2023/0314(COD))

an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

Rapóirtéir: Anne-Sophie Pelletier

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................4

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ...........................................................................................6

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ..............................................................................................................7

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1024/2012 agus (AE) 2018/1724 a mhéid a bhaineann le húsáid Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus an Phointe Rochtana Aonair Dhigitigh chun críocha ceanglais áirithe a leagtar síos le Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhlachais trasteorann Eorpacha**
**(COM(2023)0515 – C9-0327/2023 – 2023/0314(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0515),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2), d’Airteagal 21(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0327/2023),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2 á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (2) De bhun | (2) De bhun |

| | |
|---|---|
| Airteagal ***30(2)*** de Threoir COM(2023)516 , tá an comhar riaracháin agus an malartú faisnéise idir údaráis inniúla na mBallstát le cur chun feidhme trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('córas IMI') a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. Chuige sin, ba cheart na nósanna imeachta um chomhar riaracháin is gá a bhunú i gcóras IMI. | Airteagal ***28(2)*** de Threoir COM(2023)516 , tá an comhar riaracháin agus an malartú faisnéise idir údaráis inniúla na mBallstát le cur chun feidhme trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('córas IMI') a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. Chuige sin, ba cheart na nósanna imeachta um chomhar riaracháin is gá ***agus na nósanna imeachta le haghaidh malartú faisnéise idir na húdaráis inniúla*** a bhunú i gcóras IMI. |

Or. en

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) I gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 de Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], leis an bpointe rochtana aonair digiteach, ***tabharfar*** rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna do shaoránaigh an Aontais, do dhaoine nádúrtha a chónaíonn i mBallstát agus do dhaoine dlítheanacha a bhfuil a n-oifig chláraithe acu i mBallstát. Ba cheart an chuid oibríochtúil agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724 a leasú chun a áirithiú nach dtuigfear go bhfuil an raon feidhme teoranta do shaoránaigh agus do ghnólachtaí agus go mbaineann sé le daoine dlítheanacha nach gnólachtaí iad, amhail comhlachais trasteorann Eorpacha. | (3) I gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 de Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], leis an bpointe rochtana aonair digiteach, ***soláthrófar*** rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna do shaoránaigh an Aontais, do dhaoine nádúrtha a chónaíonn i mBallstát agus do dhaoine dlítheanacha a bhfuil a n-oifig chláraithe acu i mBallstát. Ba cheart an chuid oibríochtúil agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724 a leasú ***leis an Rialachán seo*** chun a áirithiú nach dtuigfear go bhfuil an raon feidhme teoranta do shaoránaigh agus do ghnólachtaí agus go mbaineann sé le daoine dlítheanacha nach gnólachtaí iad, amhail comhlachais trasteorann Eorpacha. |

Or. en

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug an Maoirseoir tuairim an 31 Deireadh Fómhair 2023,*** |

Or. en

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Réamhrá

Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir maidir le comhlachais trasteorann Eorpacha (CTTEnna), tugtar isteach foirm dhlíthiúil bhreise de chomhlachas trasteorann Eorpach (CTTE) i gcórais dlí náisiúnta na mBallstát, a ceapadh go sonrach chun críocha trasteorann agus lena laghdófar an t-ualach dlíthiúil agus riaracháin a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do chomhlachais neamhbhrabúis atá i mbun gníomhaíochtaí i mBallstát eile agus iad a bhunú. Nuair a bheidh sé bunaithe i mBallstát amháin, tabharfar aitheantas do CTTE go huathoibríoch agus beidh sé in ann dul i mbun gníomhaíochtaí i ngach Ballstát, lena n-áirítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha, agus ar an gcaoi sin beidh comhlachais neamhbhrabúis in ann leas iomlán a bhaint as a n-acmhainneacht shochaíoch agus eacnamaíoch san Aontas.

Leis an treoir atá beartaithe, mhol an Coimisiún freisin Rialachán de chineál teicniúil a ghabhfadh leis lena leasófaí córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) agus na Rialacháin um Pointí Rochtana Aonair Digiteacha (PRADanna), chun comhar agus malartú faisnéise a cheadú i measc údaráis inniúla trí chóras IMI agus chun oibríochtaí digiteacha a dhéanamh trí PRAD lena gceadaítear rochtain ar fhaisnéis faoi CTTEnna atá ar fáil ar líne.

Dréacht-tuarascáil

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún chun córas IMI agus PRADanna a leasú chun críche comhlachais trasteorann Eorpacha a bhunú agus a oibriú. Níl ach athruithe teicniúla sa dréacht-tuarascáil chun soiléireacht an téacs a fheabhsú, gan a substaint a mhodhnú. I measc nithe eile, soiléirítear sa dréacht-tuarascáil gur cheart na malartuithe faisnéise idir na húdaráis inniúla a bhunú freisin i gcóras IMI. Ba cheart an tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, a foilsíodh an 31 Deireadh Fómhair 2023, a thabhairt chun suntais in aithris.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.